AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.6.2023
COM(2023) 294 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LE RIAIL ATHBHREITHNITHE NA DLEACHTA IS LÚ IN IMSCRÚDUITHE FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITH-FHÓIRDHEONTAIS SAN AONTAS

Athbhreithniú agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm Airteagal 7(2a), Airteagal 8(1) agus Airteagal 9(4) de RIALACHÁN (AE) 2016/1036 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 8 Meitheamh 2016 agus ar chur i bhfeidhm an tríú agus an cheathrú fomhír d'Airteagal 12(1), an tríú agus an cheathrú fomhír d'Airteagal 13(1), agus an tríú agus an cheathrú fomhír d'Airteagal 15(1) de RIALACHÁN (AE) 2016/1037 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 8 Meitheamh 2016

ATHBHREITHNIÚ AGUS MEASTÓIREACHT AR CHUR I BHFEIDHM RIAIL NA DLEACHTA IS LÚ IN IMSCRÚDUITHE FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITH-FHÓIRDHEONTAIS

1. RÉAMHRÁ

An 8 Meitheamh 2018, tháinig rialacha nua frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais i bhfeidhm chun ionstraimí cosanta trádála an Aontais a nuachóiriú agus a neartú[1]. Baineann ceann de na príomhathruithe leis an gcaoi a gcuireann an tAontas riail i bhfeidhm ar a dtugtar 'riail na dleachta is lú' (RDL). Le hAirteagal 23(4) nua den bhun-Rialachán Frithdhumpála[2] ('BRFD') agus le hAirteagal 32a(2) den bhun-Rialachán Frith-fhóirdheontais[3] ('BRFF'), ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir le riail na dleachta is lú a thíolacadh faoin 9 Meitheamh 2023 agus togra reachtach a bheith ag gabháil leo, más iomchuí. Cumhdaítear leis an athbhreithniú sin cásanna a tionscnaíodh tar éis an 9 Meitheamh 2018 agus a tugadh i gcrích faoi dheireadh mhí an Mhárta 2023. Leagtar amach ann an chaoi ar cuireadh na forálacha nua i bhfeidhm agus an tionchar, más ann dó, ar leibhéal na mbeart.

Cúlra

Faoi rialacha EDT, ní féidir leibhéal dleachta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais a bheith níos airde ná méid na dumpála nó an fhóirdheonaithe, ach is inmhianaithe go mbeadh an dleacht níos ísle dá mba leor an leibhéal sin chun deireadh a chur leis an díobháil don tionscal intíre. Ríomhtar an ráta sin trí phraghsanna allmhairiúcháin a chur i gcomparáid le costas táirgthe thionscal an Aontais agus corrlach brabúis réasúnta (an 'corrlach gearrdhíola').

Roimh mhí an Mheithimh 2018, chuir an tAontas an RDL i bhfeidhm i gcónaí in imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais. Mar sin féin, d'fhonn na hionstraimí cosanta trádála a neartú, mheas na comhreachtóirí go bhfuil cineálacha áirithe saofa thar a bheith díobhálach agus, mar thoradh air sin, nach ngabhfadh dleacht atá bunaithe ar na disciplíní RDL atá ann cheana méid iomlán na díobhála a dhéanann siad. Baineann sé sin le cleachtais um fhóirdheonú, ar thaobh amháin, agus le cineálacha áirithe beart a shaobhann praghas aon amhábhair (cibé acu neamhphróiseáilte nó próiseáilte, lena n-áirítear fuinneamh) a chruthaíonn buntáiste míchuí do na cuideachtaí i margadh na tíre lena mbaineann.

I gcomhréir leis an reachtaíocht nua sin, in imscrúduithe frith-fhóirdheontais, ní féidir an RDL a chur i bhfeidhm a thuilleadh. Socraítear méid na dleachta frithchúitimh ar leibhéal na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna bhunú. Ní bheidh feidhm ag an RDL ach amháin nuair is féidir teacht ar an gconclúid go soiléir nach chun leas an Aontais atá sé na bearta a chinneadh ar bhonn mhéid an fhóirdheontais. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaidh bearta frith-fhóirdheontais, mar réamhshocrú, na fóirdheontais a fhaigheann onnmhaireoir a fhritháireamh go hiomlán, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí saofa agus díobhálacha na n-allmhairí fóirdheonaithe ar bhealach níos déine.

---

1 Rialachán (AE) 2018/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, IO L 143, 7.6.2018, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

3 Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

In imscrúduithe frithdhumpála, modhnaíodh cur i bhfeidhm na RDL freisin. Cé go bhfuil feidhm fós ag an RDL sna cásanna sin, in imthosca speisialta áirithe (i.e. i gcás ina mbíonn saobhadh suntasach ar amhábhar ann) féadfaidh an Coimisiún bearta a fhorchur ar leibhéal an chorrlaigh iomláin dumpála agus ní ar leibhéal an chorrlaigh ghearrdhíola a d'fhéadfadh a bheith níos ísle, toisc go meastar gur gá deireadh a chur leis an díobháil bhreise a bhain don tionscal mar thoradh ar an saobhadh ar amhábhair. Is iad seo a leanas na coinníollacha carnacha ábhartha:

- Ní mór saobhadh suntasach ar amhábhar a bheith ann. Is éard atá iontu: scéimeanna déphraghsála, cánacha onnmhairiúcháin, forcháin onnmhairiúcháin, cuóta onnmhairiúcháin, toirmeasc onnmhairiúcháin, cáin fhioscach ar onnmhairí, ceanglais cheadúnúcháin, íosphraghas onnmhairiúcháin, aisíocaíocht, laghdú nó aistarraingt cánach breisluacha (CBL), srian ar phointe imréitigh custaim le haghaidh onnmhaireoirí, liosta onnmhaireoirí cáilithe, oibleagáid an mhargaidh intíre, mianadóireacht faoi chuing má tá praghas amhábhair i bhfad níos ísle i gcomparáid le praghsanna sna margaí ionadaíocha idirnáisiúnta. Is féidir an liosta sin a leasú má dhéanann Fardal ECFE maidir le srianta onnmhairiúcháin ar amhábhair thionsclaíocha, nó aon bhunachar sonraí ECFE, a thiocfaidh in ionad an fhardail sin, cineálacha eile beart a shainaithint.
- Ní mór baint a bheith ag an saobhadh sin le hamhábhar amháin ar a laghad is cúis, ar bhonn aonair, le níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge lena mbaineann, sa tír is onnmhaireoir;
- Ní mór praghas an amhábhair shaofa a bheith i bhfad níos ísle ná na praghsanna i margaí ionadaíocha idirnáisiúnta;
- Ní mór don Choimisiún a shuí go bhfuil leibhéal is airde beart i gcomhréir le leas an Aontais trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha uile amhail acmhainneachtaí breise sa tír is onnmhaireoir, iomaíocht le haghaidh amhábhar agus an éifeacht ar shlabhraí soláthair do chuideachtaí an Aontais.

2. RIAIL NA DLEACHTA IS LÚ IN IMSCRÚDUITHE FRITHDHUMPÁLA - AIRTEAGAL 7(2A) DE BRFD

2.1. An nós imeachta

Ionas go bhféadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart feidhm a bheith ag an RDL, ní mór fianaise leordhóthanach a bheith aige maidir le 'saobhadh suntasach ar amhábhar' a chomhlíonann na coinníollacha thuasluaite. Ní scrúdaítear an saobhadh sin san imscrúdú ach amháin *tar éis* don Choimisiún a shuí go bhfuil na corrlaigh dumpála níos airde ná na corrlaigh ghearrdhíola. Faoi rialacha uileghabhálacha EDT agus AE, ní féidir leis an leibhéal dleachta a fhorchuirtear a bheith níos airde ná an corrlach dumpála a aimsíodh, agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé ábhartha anailís a dhéanamh sna himthosca sin ar shaobhadh a bheith ann agus ar na coinníollacha dlíthiúla.

2.2. Na himscrúduithe

D'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha i 34 chás a tionscnaíodh agus a cumhdaíodh leis an athbhreithniú seo. Tá liosta de na cásanna le fáil in Iarscríbhinn 1.

As na 34 imscrúdú sin, tarraingíodh aníos an tsaincheist maidir le saobhadh suntasach ar amhábhar i 13 chás.

2.2.1. CORRLAIGH DUMPÁLA NÍOS ÍSLE NÁ CORRLAIGH GHEARRDHÍOLA - SAOBHADH SUNTASACH NÁR SCRÚDAÍODH

I gceithre imscrúdú (Easbhrúnna alúmanaim ón tSín (2021); Táirgí comhréidhe teorollta iarainn/cruach ón Tuirc (2021); Táirgí cothroma fuar-rollta cruach dosmálta ón Indinéis (2021) agus Leictreoidí graifíte ón tSín (2022)), bhí na corrlaigh dumpála a aimsíodh níos ísle ná na corrlaigh ghearrdhíola. Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún scrúdú ar an saobhadh ar amhábhar ós rud é nach bhféadfaí bearta a fhorchur ach amháin ar leibhéal na gcorrlach dumpála.

2.2.2. CORRLAIGH GHEARRDHÍOLA NÍOS ÍSLE NÁ CORRLAIGH DUMPÁLA - SAOBHADH SUNTASACH NÁR SCRÚDAÍODH

Maidir leis na naoi gcás eile, bhí na corrlaigh dhumpála níos airde, i gcás roinnt cuideachtaí, ná na corrlaigh ghearrdhíola. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún ar comhlíonadh na coinníollacha faoi Airteagal 7(2a) de BRFD.

I dtrí cinn de na naoi gcás sin (Sileacan Cailciam (2022), Táirgí cothromrollta alúmanaim (2021) agus Scragall tiontaire alúmanaim (2021) – ón tSín iad ar fad), na hamhábhair ina n-aonar ba chúis le níos mó ná 17 % de chostais táirgthe an táirge lena mbaineann. Mar sin féin, i Sileacan Cailciam, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise chun tacú leis na líomhaintí go raibh praghas an leictreachais sna cúigí i dTuaisceart Dhaon-Phoblacht na Síne saofa ag scéim déphraghsála agus, thairis sin, ní raibh aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch lonnaithe sa réigiún sin. Sholáthair táirgeoir amháin fianaise freisin go raibh na rátaí leictreachais níos airde ina réigiún ná na rátaí a shainaithnítear sa ghearán. Maidir leis an dá chás a bhaineann le táirgí alúmanaim, ní raibh praghsanna intíre na dtinní alúmanaim, ar maíodh saobhadh ina leith, i bhfad níos ísle ná na praghsanna i margaí idirnáisiúnta ionadaíocha. Maidir le scragall tiontaire alúmanaim, luainigh na praghsanna os cionn agus faoi bhun na bpraghsanna tagarmhairc idirnáisiúnta. Mar thoradh air sin, sna trí imscrúdú sin, níor comhlíonadh na coinníollacha faoi Airteagal 7(2a) de BRFD agus forchuireadh na bearta ar leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola.

Maidir le Táirgí cothroma fuar-rollta cruach dosmálta ón India (2021), ba chúis le níos mó ná 17 % de na costais táirgthe an saobhadh a bhain le cróimiam. Bhí an corrlach gearrdhíola do tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na hIndia, Chromeni, níos ísle ná an corrlach dumpála. Mar sin féin, níor bhain Chromeni úsáid as an amhábhar atá faoi réir an tsaofa agus dá bhrí sin ní raibh gá le tuilleadh anailíse maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7(2a) agus Airteagal 7(2b) de BRFD.

In dhá imscrúdú eile (Leatháin agus cornaí teorollta cruach dosmálta áirithe ón Indinéis agus ón tSín (2020)), ba é seo a leanas saincheist an tsaofa ar amhábhar. Maidir leis an Indinéis, bhí saobhadh ann ar mhian nicile ba chúis é le níos mó ná 17 % de na costais táirgthe. Áiríodh leis an saobhadh sin toirmeasc ar onnmhairiúcháin, cáin onnmhairiúcháin, ceanglas ceadúnúcháin agus cuóta onnmhairiúcháin *de facto*. Bhí an praghas a íocadh ar mhian nicile i bhfad níos ísle (níos mó ná 30 % níos ísle) ná an praghas sa mhargadh idirnáisiúnta ionadaíoch (Na hOileáin Fhilipíneacha). Maidir leis an tSín, thángthas ar shaobhadh suntasach lena n-áirítear cáin onnmhairiúcháin nó ceanglas ceadúnúcháin maidir le roinnt amhábhar (dramh cruach dosmalta, eirisileacan, muciarann nicile agus fearócróimiam, vanaidiam agus fearóinicil). Fuarthas amach gurb ionann gur bhain níos mó ná 17 % de chostas táirgthe an táirge faoi

imscrúdú le ar a laghad ceann amháin díobh. Bhí praghsanna na bpríomh-amhábhar sin i bhfad níos ísle ná na praghsanna sna margaí idirnáisiúnta ionadaíocha agus dá bhrí sin bhí na coinníollacha faoi Airteagal 7(2a) de BRFD ann. Mar sin féin, sa tástáil maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7 (2b) de BRFD, maidir le tionchar na mbeart ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Indinéis, ar leibhéal an chorrlaigh dumpála, fuarthas go mbeadh sé díréireach i bhfianaise na n-éifeachtaí diúltacha láidre a mheastar a bheadh ar shlabhraí soláthair agus ar inmharthanacht airgeadais úsáideora shuntasaigh amháin ar bhain idir 30 % agus 40 % de thomhaltas an Aontais leis. Maidir leis an tionchar ar shlabhraí soláthair, thug an Coimisiún dá aire gur ar éigean a sholáthair táirgeoirí eile de chuid an Aontais an táirge lena mbaineann don úsáideoir i dtrácht, cé go raibh acmhainneachtaí breise suntasacha acu. Thairis sin, bhí teorainn leis na méideanna allmhairí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thíortha eile is onnmhaireoir. Thairis sin, bheadh ar an úsáideoir a ndéantar difear dó slabhraí luacha a atheagrú cheana féin chun deireadh a chur le tionchar na mbeart bunaithe ar an gcorrlach gearrdhíola is ísle i bhfianaise thionchar dóchúil na mbeart sin ar an gcumas tuillimh. Thug an Coimisiún faoi deara go raibh amhras ar chumas an úsáideora méaduithe móra ar chostais a chur ar aghaidh chuig a chustaiméirí toisc gurbh iad na táirgeoirí céanna SSHR de chuid an Aontais iad príomhiomaitheoirí an úsáideora ar an margadh iartheachtach. Mar thoradh air sin, níorbh é leas an Aontais ráta dleachta is airde a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin forchuireadh na bearta ar an ráta is ísle chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.

Sna trí chás eile, modhnaíodh an RDL i gcás roinnt onnmhaireoirí nó i gcás na n-onnmhaireoirí go léir.

Ba é an chéad chás frithdhumpála san Aontas inar modhnaíodh an RDL ná níotráit amóiniam úiré ('UAN') ón Rúis (2019). Fuarthas saobhadh maidir le gás nádúrtha, na príomh-ionchuir amhábhair le haghaidh UAN, i.e. cáin onnmhairiúcháin, ceanglais cheadúnúcháin agus déphraghsáil. Bhí praghsanna an gháis nádúrtha i bhfad níos ísle ná praghas Waidhaus (an praghas ar ghás onnmhairithe na Rúise ag teorainn na Gearmáine/na Seice). I gcás na gcuideachtaí onnmhairiúcháin comhoibríocha uile, bhí na corrlaigh dhumpála níos airde ná na corrlaigh ghearrdhíola. Sa tástáil maidir le leas an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh tionchar diúltach ag bearta ar an leibhéal dumpála is airde ar an slabhra soláthair san Aontas agus go mbeadh aon tionchar teoranta agus nach mbeadh sé díréireach. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún gurbh iad leasacháin ba chúis san iomlán le 1 % de na costais feirmeoireachta an tráth sin. I gcás feirmeacha speisialaithe is mó atá ag brath ar UAN, d'fhéadfadh suas le 10 % de na costais táirgthe a bheith i gceist leo agus bheadh tionchar thart ar 3 % ar chostais ag méadú ar dhleachtanna, fiú ar an leibhéal is airde atá molta. Ós rud é nach le dumpáil amháin a rinneadh díobháil do tháirgeoirí an Aontais, ach gur bhain saobhadh breise trádála dóibh i gcomparáid le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár leor dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur le díobháil do thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, idir 20 % agus 31,9 % a bhí i gceist leis na bearta bunaithe ar na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le corrlaigh ghearrdhíola idir 13,7 % agus 16,3 % a bheadh i bhfeidhm in éagmais saobhadh amhábhar.

In dhá imscrúdú eile (Cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch (ECCS) ón tSín (2022) agus Aigéad Sailleach ón Indinéis (2023)), modhnaíodh an RDL le haghaidh onnmhaireoir comhoibritheach amháin agus le haghaidh 'Gach ceann eile' i ngach ceann de na cásanna.

San imscrúdú ECCS a bhaineann leis an tSín, scrúdaigh an Coimisiún saobhadh suntasach i ndáil le cuideachta amháin (Handan Jintai), ós rud é go raibh a chorrlach dumpála níos airde ná an corrlach gearrdhíola. Léiríodh san imscrúdú go raibh saobhadh suntasach ann i bhfoirm

aisíocaíochtaí CBL ar chornaí teorollta agus go raibh na praghsanna don amhábhar sin a breathnaíodh i margadh ionadaíoch neamhshaofa idir 30 % agus 50 % níos airde ná na praghsanna a d'íoc Handan Jintai. Bhí acmhainn bhreise shuntasach sa tSín a d'fhéadfadh an soláthar domhanda a mhéadú, praghsanna a laghdú agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt mura socrófaí ar leibhéal na dumpála í. Chomh maith leis sin, bheadh rochtain ag úsáideoirí ar ECCS ó thionscal an Aontais nó ó thríú tíortha eile, fiú dá dtiocfadh laghdú ar allmhairí ón tSín mar gheall ar an dleacht níos airde. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gurbh é leas an Aontais é dleachtanna níos airde a fhorchur ar an gcuideachta sin (53,9 % seachas 23,9 %). Bhí an dleacht ar fud na tíre le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha bunaithe ar an gcorrlach dumpála níos airde a fuarthas le haghaidh Handan Jintai. Ar chúiseanna a bhaineann le leas an Aontais faoi Airteagal 21 de BRFD, chinn an Coimisiún gur i bhfoirm méid socraithe in aghaidh an tona a bheadh na bearta.

San imscrúdú maidir le hAigéad Sailleach, bhí an corrlach dumpála le haghaidh onnmhaireoir comhoibríoch amháin, P.T. Musim Mas níos airde ná an corrlach gearrdhíola. I gcás na cuideachta sin, fuarthas amach san imscrúdú go raibh saobhadh suntasach ann i bhfoirm cánach onnmhairiúcháin a bhaineann le hamhola pailme agus le hamhola eithne pailme. Ba iad na hamhábhair sin faoi deara os cionn 40 % agus 50 % faoi seach den chostas táirgthe agus fuarthas amach go raibh na praghsanna i bhfad níos ísle ná na praghsanna atá i réim ar an margadh idirnáisiúnta. Agus an tástáil maidir le leas an Aontais faoi 7(2b) de BRFD á cur i bhfeidhm, shuigh an Coimisiún go raibh acmhainn bhreise shuntasach san Indinéis a d'fhéadfadh an soláthar domhanda a mhéadú, praghsanna a laghdú agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht an bhirt mura socrófaí í ar leibhéal na dumpála. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go bhféadfadh táirgeoirí de chuid an Aontais nó tríú tíortha eile soláthar a dhéanamh d'úsáideoirí, fiú dá dtiocfadh laghdú ar allmhairí ón Indinéis. Dá bhrí sin, b'iomchuí bearta a fhorchur ar an leibhéal níos airde (46,4 % in ionad 30,5 %) le haghaidh P.T. Musim Mas.

2.3. Meastóireacht

I gcomhréir leis an reachtaíocht athbhreithnithe agus neartaithe maidir le hIonstraimí Cosanta Trádála ('TDI'), mheas an tAontas gur ghá dul i ngleic le saobhadh suntasach ar amhábhar i dtíortha onnmhairiúcháin a thugann buntáiste míchuí suntasach do roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin maidir leis na costais a bhaineann lena mór-ionchuir. Cuireann na cleachtais sin leis an damáiste a dhéanann allmhairí dumpáilte do thionscal an Aontais. Ráthaítear leis na hathruithe a tugadh isteach mar chuid den phacáiste um nuachóiriú go dtugann na disciplíní athbhreithnithe RDL cosaint leormhaith ar chleachtais dhíobhálacha shaobhacha den sórt sin i dtír an onnmhairithe. Tá sé tábhachtach go mbeadh an ionstraim frithdhumpála feistithe go leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar an damáiste breise a eascraíonn as buntáistí míchuí agus saorga a théann chun tairbhe do roinnt onnmhaireoirí agus a dhéanann an chothroime iomaíochta a shaobhadh.

Léirítear le cur chun feidhm na rialacha nua go bhfuil siad praiticiúil, inoibrithe agus go bhfuil tionchar acu nuair a chomhlíontar na coinníollacha. An tráth céanna, dearadh na rialacha chun a áirithiú nach féidir cur i bhfeidhm an RDL, ar bunchloch de rialacha frithdhumpála an Aontais é, a chur i leataobh ach amháin i gcúinsí an-sonrach, i gcás ina bhfuil údar leis sin.

Léiríodh an méid seo a leanas san anailís ar na cásanna lena mbaineann:

- Tá na rialacha mionsonraithe agus caolchúiseach go leor chun déileáil leis an iliomad cásanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa chomhthéacs sin.

- Níor léiríodh sna himscrúduithe atá faoi athbhreithniú nach leor a thuilleadh an tairseach 17 % (i.e., ní mór do na hamhábhair astu féin a bheith faoi deara níos mó ná 17 % de na costais táirgthe). Go deimhin, chuir an tairseach sin ar a chumas don tionscal na forálacha a agairt ag céim an ghearáin in 38 % de chásanna frithdhumpála a tionscnaíodh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin. Thairis sin, dheimhnigh gach imscrúdú go raibh na líomhaintí a bhí sa ghearán maidir le comhlíonadh an tairsí i gceart.
- Tá raon feidhme leathan go leor ag an anailís, cé go bhfuil sí spriocdhírithe, agus tugtar aghaidh inti ar gach saobhadh amhábhar a bhfuil tionchar nithiúil aige ar chostais an táirgthe, rud a fhágann gur féidir leis an gCoimisiún gníomhú i gcás ina bhfuil údar maith leis. An tráth céanna, ní ghearrann sé pionós ar chuideachtaí nach dtairbhíonn de shaobhadh ar amhábhar e.g. i gcás nach n-úsáideann cuideachtaí onnmhairiúcháin an t-amhábhar atá i gceist.
- Is coimirce bhreise ríthábhachtach í an tástáil maidir le leas an Aontais faoi Airteagal 7(2b) chun a áirithiú nach bhforchuirfear bearta is airde i gcás ina mbeadh tionchar diúltach acu, mar shampla, ar úsáideoirí nó ar shlabhra luacha. Léirigh scrúdú ar an dá chás nár forchuireadh bearta iontu ar leibhéal dumpála is airde mar gheall ar bhreithnithe a bhaineann le leas an Aontais (Leatháin agus cornaí teorollta cruach dosmálta áirithe ón Indinéis agus ón tSín) go raibh tionchar nithiúil ag leibhéal is ísle beart ar mhéideanna allmhairí, agus an tráth céanna, cheadaigh siad d'úsáideoir mór, agus fostóir suntasach san Aontas, leanúint d'allmhairiú gan dochar a bheith á dhéanamh dó ag leibhéal dleachtanna is airde.
- Tá na rialacha neamh-idirdhealaitheach, mar is léir ón bhfíoras gur cuireadh modhnú riail na dleachta is lú i bhfeidhm i gcásanna a bhaineann leis an Rúis, an tSín agus an Indinéis.

3. RIAIL NA DLEACHTA IS LÚ IN IMSCRÚDUITHE FRITH-FHÓIRDHEONTAIS - AIRTEAGAL 12(1) AGUS AIRTEAGAL 15(1) DE BRFF

3.1. An nós imeachta

Leis na hathruithe a tugadh isteach i mí an Mheithimh 2018 in Airteagal 12(1) agus Airteagal 15(1) de BRFF, laghdaíodh cur i bhfeidhm an RDL go héifeachtach do chásanna ina gcinneann an Coimisiún nach chun leasa an Aontais é méid na mbeart a shocrú ar leibhéal na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe a aimsíodh. Nuair a léirítear leis an tástáil maidir le leas an Aontais, agus na leasanna éagsúla uile lena mbaineann á gcur san áireamh, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí, gur chun leas an Aontais é bearta frith-fhóirdheontais a chur i bhfeidhm, forchuireann an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh ar an leibhéal (ard) sin.

3.2. Na himscrúduithe

Tá bearta frithchúitimh forchurtha ag an gCoimisiún in ocht gcás a tionscnaíodh ó bhí an 8 Meitheamh 2018 ann. I sé cinn de na cásanna sin, rinne an Coimisiún imscrúduithe frithdhumpála ar leithligh maidir leis na táirgí céanna den tionscnamh céanna. Tá liosta de na cásanna le fáil in Iarscríbhinn 2.

I ngach cás, de bhun na tástála maidir le leas an Aontais in Airteagal 15(1), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann teacht ar an gconclúid nach chun leas an Aontais é bearta frithchúitimh a fhorchur ar leibhéal mhéid iomlán na bhfóirdheontas

in-fhrithchúititheِ. In dá cheann de na cásanna sin, (Bithdhíosal ón Indinéis (2019) agus Táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach ón Éigipt (2020)), baineadh an chonclúid sin amach cheana féin ag an gcéim shealadach faoi Airteagal 12(1).

Ag féachaint ar an dá chás frith-fhóirdheontais nach ndearnadh aon imscrúdú frithdhumpála ar leithligh iontu ar na táirgí céanna den tionscnamh céanna, shuigh an Coimisiún go raibh méid an fhóirdheonaithe níos ísle ná na corrlaigh ghearrdhíola a aimsíodh – dá bhrí sin dhéanfaí méid iomlán an fhóirdheontais a fhorchur freisin faoi rialacha réamh-nuachóirithe.

Tá torthaí difriúla ag baint leis an staid sna sé imscrúdú ina ndearnadh imscrúduithe frithdhumpála agus frithchúitimh ar leithligh.

Sula ndearnadh TDI a athbhreithniú/a neartú, chiallaigh an RDL is infheidhme in imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais nach raibh ach aon leibhéal amháin maidir le díothú díobhála sa dá imeacht toisc gur chumhdaigh siad na hallmhairí céanna. Dá bhrí sin, chuir an leibhéal díothaithe díobhála uasteorainn leis na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh comhcheangailte. Ó tugadh isteach na hathruithe i mí an Mheithimh 2018, tá an staid athraithe. Go ginearálta, cé is moite de chásanna ina n-éilíonn cúinsí a bhaineann le leas an Aontais a mhalairt, tá na bearta frithchúitimh a fhorchuirtear anois sa bhreis ar aon dleacht frithdhumpála ar leithligh, lena gcumhdaítear cheana an corrlach díobhála iomláine arna bhunú sna cásanna sin.

Léirítear sin sna himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a bhaineann le scragall alúmanaim ón tSín. Forchuireadh bearta frithdhumpála ar leibhéil na gcorrlach gearrdhíola idir 23,6 % agus 28,5 %. Roimh an nuachóiriú, chuirfí uasteorainn ar leibhéal iomlán na mbeart a fhorchuirtear le haghaidh frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais araon ar an leibhéal díothaithe díobhála sin. Mar sin féin, faoi na rialacha atá ann faoi láthair, d'fhorchuir an Coimisiún bearta frith-fhóirdheontais ar leibhéil iomlána an fóirdheontais a fuarthas gan na bearta frithdhumpála ar leithligh a laghdú dá réir[4], toisc nach raibh sé in aghaidh leas an Aontais déanamh amhlaidh. D'fhág sé sin go raibh cosaint bhreise idir 0,7 % agus 18,2 % ann.

Sna himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ar leithligh maidir le Cruach dhosmálta chothrom fhuar-rollta (SSCR) ón India (2022) agus na fabraicí snáithíní gloine (GFF) ón tSín (2020), bhí tionchar ar leibhéal na mbeart freisin. Mar thoradh ar na hathruithe reachtacha, bhí leibhéal níos airde beart ann d'onnmhaireoirí áirithe ná mar a bheadh faoi na rialacha roimhe seo. In SSCR, áiríodh ar leibhéal deiridh na mbeart le haghaidh Chromeni Steels Private Ltd. méid iomlán 7,5 % an fhóirdheonaithe agus ráta dleachta frithdhumpála 35,3 % a chumhdaíonn an corrlach díobhála cheana féin. Ar an gcaoi chéanna, sa chás GFF, forchuireadh méid iomlán 17 % an fhóirdheontais ar Yuntianhua Group agus ráta dleachta dumpála 37,6 % lena gcumhdaítear an corrlach díobhála iomlán freisin. Sa dá chás sin, roimh na hathruithe, bheadh uasteorainn ar leibhéal foriomlán deiridh na mbeart ag na leibhéil díothaithe díobhála.

Ar an taobh eile, sna himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais maidir le Cáblaí snáthoptaice ón tSín (2022), bhí na bearta comhcheangailte frithdhumpála agus frithchúitimh a forchuireadh bunaithe ar na méideanna dumpála agus fóirdheontais agus, cé nach beag iad (idir 19,7 % agus 44 %), bhí siad sin faoi bhun an chorrlaigh díobhála. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh

[4] Cé is moite de chuideachta amháin, Daching Group, laghdaíodh an corrlach dumpála deiridh chun a áirithiú nár sháraigh leibhéal deiridh na mbeart
an corrlach dumpála a fuarthas.

aon tionchar a bheith ag na rialacha nua toisc gur chomhfhreagair an leibhéal birt don uasleibhéal cosanta a cheadaítear faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

3.3. Meastóireacht

Is ábhar imní méadaitheach é fóirdheonú ó thríú tíortha agus tá sé tábhachtach a léiriú, i gcás ina ndéanann cleachtais den sórt sin díobháil do tháirgeoirí an Aontais, go dtéitear i ngleic go láidir leo. Trí bhearta frithchúitimh a fhorchur ar leibhéal a léiríonn go hiomlán méideanna an fhóirdheonaithe, léiríonn an tAontas gur dian a dtugann sé aghaidh ar éifeachtaí tromchúiseacha díobhálacha an chleachtais mhíchuí trádála sin, agus áirithítear leis freisin cosaint leormhaith do thionscal an Aontais agus cothrom iomaíochta.

Is léir sin go háirithe nuair a fhorchuirtear bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ar leithligh ar na táirgí céanna den tionscnamh céanna. Mar a léirítear i Roinn 1.5.4., tá difríocht shuntasach déanta ag an bhforáil seo i roinnt imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ar leithligh ar na táirgí céanna den tionscnamh céanna, go háirithe i Scragall tiontaire alúmanaim, SSCR agus GFF tríd an leibhéal comhcheangailte cosanta do thionscal an Aontais a mhéadú. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tairbhe shoiléir ann anois don tionscal gearán frith-fhóirdheontais a dhéanamh chomh maith le gearáin frithdhumpála, toisc go bhféadfadh cosaint bhreise, ach cosaint leormhaith, a bheith ann an tráth céanna.

Thairis sin, is léir, ó rinneadh an nuachóiriú, gur sainaithníodh sna himscrúduithe frith-fhóirdheontais bealaí atá ag éirí níos casta ina dheonaítear fóirdheontais, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais trasteorann. I bhfianaise éabhlóid na gcleachtas sin atá thar a bheith díobhálach, measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh sé de bhearta frithchúitimh a chur i bhfeidhm chun méideanna iomlána na bhfóirdheontas a aimsítear a fhritháireamh, i gcás ina bhfuil údar leis sin. An tráth céanna, coinníonn an tástáil maidir le leas an Aontais cothromaíocht agus solúbthacht ríthábhachtach ar bun sa chóras lenar féidir leis an gCoimisiún leas na n-oibreoirí eacnamaíocha uile a chur san áireamh.

4. RIAIL NA DLEACHTA IS LÚ I NGNÓTHAIS - AIRTEAGAL 8(1) DE BRFD AGUS AIRTEAGAL 13(1) DE BRFF

Níor ghlac an Coimisiún le haon ghealltanas nua praghais sna himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a tionscnaíodh ó tháinig an pacáiste um nuachóiriú i bhfeidhm.

5. ATHBHREITHNIÚ AR CHUR I BHFEIDHM AIRTEAGAL 9(4) DE BRDF – TRÉIMHSE AN RÉAMHNOCHTA

Leis na hathruithe a rinneadh faoin nuachóiriú, tugadh isteach oibleagáid ar an gCoimisiún gach páirtí leasmhar a chur ar an eolas 3 seachtaine roimh ré (tréimhse a athraíodh go 4 seachtaine i mí an Mheithimh 2020 tar éis athbhreithniú[5]) má tá sé beartaithe aige bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur nó gan iad a fhorchur (réamhnochtadh)[6]. Le linn na tréimhse sin, is féidir leis an gCoimisiún allmhairí a chlárú chun stoc-charnadh a sheachaint, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna, lena gceadaítear bailiú cúlghabhálach dleachtanna don tréimhse sin, más gá.

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1173 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheonaithe ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad i dtaca le fad tréimhse an réamhnochta

6 Tá an fhaisnéis sin ar fáil ar leathanach gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála.

Leasaíodh Airteagal 9(4) de BRFD freisin chun go mbeadh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh, i gcásanna nár cláraíodh allmhairí, dá mbeadh méadú suntasach ar allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta a bhí ina chúis le díobháil bhreise. Dá léireofaí san anailís gurbh amhlaidh a bhí, d'fhéadfadh an Coimisiún an díobháil bhreise sin a léiriú tríd an gcorrlach díobhála a choigeartú suas.

D'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha i 34 chás a tionscnaíodh tar éis an 8 Meitheamh 2018. D'fhorchuir an Coimisiún bearta sealadacha in 22 cinn díobh sin agus níor chláraigh sé allmhairí in 11 chás. Sa cholún deiridh in Iarscríbhinn 1 tugtar mionsonraí faoi na cásanna.

Léirigh an anailís ar na 11 chás an méid seo a leanas:

- Sna himscrúduithe ar Scragall tiontaire alúmanaim (2021) agus Sileacain chailciam (2022) - ón tSín an dá cheann acu, tháinig laghdú 47 % agus 36 % ar an meán faoi seach ar allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta. San imscrúdú ar Ghliocól eitiléine ón Araib Shádach (2021) bhí allmhairí 15,3 % níos ísle sa tréimhse.
- Sna himscrúduithe a bhain le Rothaí bóthair cruach (2020) agus Táirgí cothromrollta alúmanaim (2021) — ón tSín an dá cheann acu, ní raibh aon mhéadú ar allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta.
- San imscrúdú ar Chórais leictreoidí graifíte ón tSín (2022), cé gur tháinig méadú 5,5 % ar allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta, ní raibh sé sin suntasach.
- Sna cúig imscrúdú eile (Páipéar teirmeach trom áirithe ón gCóiré (2020); Gliocól eitiléine ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (2021); Sraithadhmad beithe ón Rúis (2021); Cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch (ECCS) ón tSín agus ón mBrasaíl (2022)), fuair an Coimisiún amach gur tháinig méadú suntasach ar allmhairí le linn thréimhse an réamhnochta. Bhí na méaduithe sa raon ó 39 % i gcás Gliocól eitiléine go beagnach 99 % i gcás Sraithadhmaid beithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil bhreise a d'eascair as na hallmhairí sin a bhí méadaithe go mór, rinne an Coimisiún coigeartuithe iomchuí chun na leibhéil díothaithe díobhála a mhéadú. Cé is moite de na bearta maidir le ECCS ón tSín agus ón mBrasaíl, bhí na bearta sna cásanna eile bunaithe ar an gcorrlach dumpála. Mar thoradh air sin, ní raibh tionchar ag an gcoigeartú ar an leibhéal díothaithe díobhála ar leibhéal na mbeart a forchuireadh, ós rud é gur cuireadh uasteorainn ar na dleachtanna leis na corrlaigh dhumpála lena mbaineann, arb é sin an chosaint uasta a cheadaítear faoi dhlí na hEagraíochta Domhanda Trádála agus an Aontais Eorpaigh. Sna cásanna ECCS, bhí tionchar ag an gcoigeartú 4,1 % chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil bhreise le linn thréimhse an réamhnochta ar leibhéal na mbeart deiridh.

6. CONCLÚID

Léiríonn an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht ar na forálacha nuachóirithe ábhartha maidir le cur i bhfeidhm athbhreithnithe an RDL gur bhain siad amach go hiomlán na cuspóirí a bhí beartaithe acu maidir le leigheasanna leordhóthanacha a sholáthar in aghaidh na dumpála agus an fhóirdheonaithe.

Dréachtaíodh na hathruithe reachtacha go cúramach chun cosaint níos láidre a thabhairt ar chineálacha saofa shuntasaigh ar amhábhar atá thar a bheith díobhálach agus ar chleachtais fhoriomlána um fhóirdheonú. I 38 % de na cásanna frithdhumpála a tionscnaíodh le linn na tréimhse athbhreithniúcháin, tharraing tionscal an Aontais aníos saobhadh suntasach ar amhábhar mar a shainítear faoin reachtaíocht nua. I roinnt de na cásanna sin, d'fhéadfadh an

Coimisiún beart a ghlacadh ar leibhéal níos airde ná mar a d'fhorchuirfí roimh na hathruithe reachtacha lena mbaineann. Léirítear in athbhreithniú ar an gcleachtas go bhfuil an raon feidhme agus na tairseacha atá ann faoi láthair leordhóthanach agus leormhaith chun cosaint chuí chothrom ar shaobhadh ar amhábhar a áirithiú. Ar an gcaoi chéanna, trí dheireadh a chur leis an RDL i gcleachtas frith-fhóirdheontais, tugadh cosaint níos fearr do tháirgeoirí an Aontais atá neamhchosanta ar allmhairí fóirdheonaithe.

Áirithíodh leis an tástáil maidir le leas an Aontais go bhfuil an cleachtas cosanta trádála neartaithe fós spriocdhírithe agus cothrom.

Ar an mbonn sin, níor mheas an Coimisiún gurbh iomchuí togra reachtach a ullmhú chun gabháil leis an athbhreithniú agus leis an meastóireacht atá ann faoi láthair, mar a beartaíodh in Airteagal 23(4) de BRFD agus in Airteagal 32a(2) de BRFF. Mar a shainordaítear leis na forálacha thuasluaite, leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid agus tosaíochtaí beartais atá ag athrú agus an comhthéacs geopholaitiúil a mbíonn dúshlán ag baint leis i gcónaí á gcur san áireamh.

Iarscríbhinn 1

BEARTA FRITHDHUMPÁLA

TÁIRGE	TÍR	BEARTA SEALADACHA	BEARTA CINNTITHEACHA	SAOBHADH AR AMHÁBHAIR MAÍTE	SAOBHADH AR AMHÁBHAR SCRÚDAITHE MÁS > AN CORRLACH DUMPÁLA NÁ AN DÍOBHÁIL	SAOBHADH AR AMHÁBHAR/LEAS AN AONTAIS	COINNÍOLLACHA COMHLÍONTA	AIRTEAGAL 9(4) – ALLMHAIRÍ CLÁRAITHE TÁ/NÍL
Meascáin úiré agus níotráite amóiniam	An Rúis, Oileán na Tríonóide agus Tobága Stáit Aontaithe Mheiriceá	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	An Rúis: TÁ Oileán na Tríonóide agus Tobága/SAM: NÍL	TÁ	Gás nádúrtha >50 % COP Praghas i bhfad níos ísle ná an tagarmharc Leas an Aontais - TÁ	TÁ	TÁ
Rothaí bóthair cruach	An tSín	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NÍL Gan aon mhéadú ar allmhairí
Fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe	An Éigipt An tSín	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	-
Alcóil pholaivinile áirithe	An tSín	_	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	-
Leatháin agus cornaí teorollta cruach dosmálta áirithe	An Indinéis An tSín An Téaváin	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	An Indinéis & an tSín: TÁ An Téaváin: NÍL	An Indinéis & an tSín: TÁ	An tSín: Príomh-amhábhair > 17 % COP	NÍL	TÁ

						Praghas níos ísle ná an tagarmharc. An Indinéis: Mian nicile > 17 % COP Praghas níos ísle ná an tagarmharc. Leas an Aontais: NÍL		
Páipéar teirmeach trom áirithe	An Chóiré	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NÍL Méadú 71 % ar allmhairí. Mhéadaigh an corrlach díobhála ó 16,9 % go 17,6 %
Easbhrúnna alúmanaim	An tSín	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	NÍL	-	-	TÁ
Táirgí comhréidhe teorollta, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad	An Tuirc	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	NÍL	-	-	TÁ
Táirgí cothromrollta alúmanaim	An tSín	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	TÁ	Tinní alúmanaim > 17 % COP Níl an praghas i bhfad níos ísle ná an tagarmharc	NÍL	NÍL Gan aon mhéadú ar allmhairí
Cáblaí snáthoptaice	An tSín	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH

Táirgí cothroma fuar-rollta cruach dosmálta	An India An Indinéis	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	AN INDIA: TÁ	An India: Onnmhaireoir nach n-úsáideann amhábhar	NÍL	TÁ
Gliocól eitiléine	An Araib Shádach Stáit Aontaithe Mheiriceá	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NÍL Na Stáit Aontaithe: Méadú 39 % ar allmhairí Corrlach díobhála coigeartaithe na hAraibe Sádaí: Gan aon mhéadú ar allmhairí
Sraithadhmad beithe	An Rúis	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NÍL Méadú 98,6 % ar allmhairí - Corrlach díobhála coigeartaithe faoi fhachtóir 1,02
Scragall tiontaire alúmanaim	An tSín	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	TÁ	Tinní alúmanaim >17 % COP Níl n praghsanna i bhfad níos ísle ná an tagarmharc.	NÍL	NÍL Laghdú 47 % ar allmhairí
Túir Ghaoithe Cruach	An tSín	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH
Ceanglóirí iarainn nó cruach	An tSín	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH

Sileacan Cailciam	An tSín	Rialacháin Shealadacha	Rialachán Cinntitheach	TÁ	TÁ	Leictreachas = 20 % de COP - Níl aon fhianaise ann go bhfuil déphraghsáil ann	NÍL	NÍL Laghdú 36 % ar allmhairí
Córais Leictreoidí Graifíte	An tSín	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	TÁ	NÍL	-	-	NÍL Méadú 5,5 % ar allmhairí
Polaiméirí sár-ionsúiteacha	Poblacht na Cóiré	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH
Cruach fhrithchreimneach	An Rúis An Tuirc	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH
Cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch	An tSín An Bhrasaíl	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	An tSín: TÁ An Bhrasaíl: NÍL	TÁ	Cornaí teorollta (HRC) > 17 % de COP. Praghsanna i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna. Leas an Aontais: TÁ	TÁ	NÍL Méadú 58 % ar allmhairí - an corrlach díobhála arna choigeartú faoi 4,1 %
Tíleanna Ceirmeacha	An India An Tuirc	-	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	NEAMHBHAIN TEACH
Rothaí bóthair alúmanaim	Maracó	Rialachán Sealadach	Rialachán Cinntitheach	NÍL	-	-	-	TÁ
Aigéad Shailleach	An Indinéis	-	Rialachán Cinntitheach	TÁ	TÁ	Amhábhair CPO > 40 % agus CPKO> 50 % de COP. Praghsanna i bhfad níos ísle ná	TÁ	NEAMHBHAIN TEACH

						na tagarmharcanna. Leas an Aontais: TÁ		

Iarscríbhinn 2

BEARTA FRITHCHÚITIMH

Táirge	Tír	Airteagal Sealadach 12(1)	Airteagal Cinntitheach 15(1)	Bearta forchurtha ag an méid iomlán frith-fhóirdheonaithe	Cás frithdhumpála ar leithligh
Bithdhíosal	An Indinéis	Rialachán Sealadach Bithdhíosail	Rialachán Cinntitheach Bithdhíosail	TÁ	-
Fabraicí snáithíní gloine (fite agus/nó fuaite áirithe)	An tSín An Éigipt	-	Rialachán Cinntitheach GFF	TÁ	AD653
Táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach	An Éigipt	Rialachán Sealadach GFR	Rialachán Cinntitheach GFR	TÁ	-
Scragall tiontaire alúmanaim	An tSín	-	Rialachán Cinntitheach ACF	TÁ	AD673
Cáblaí snáthoptaice	An tSín	-	Rialachán Cinntitheach OFC	TÁ	AD669
Táirgí cothroma fuar-rollta cruach dosmálta	An India An Indinéis	-	Rialachán Cinntitheach SSCR	TÁ	AD670